## Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 6



## Tús eolais ar choincheap na steiréitíopála

| | |
|---|---|
| **Cuspóir Foghlama** | Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann coincheap na steiritíopaí agus na steiréitíopála a thuiscint. |
| **Toradh Foghlama** | Cur síos a dhéanamh ar cad is stéiréitíopáil ann agus conas a úsáidtear é sna meáin chumarsáide chun beartú ar bhoinn tuisceana faoi ghrúpaí áirithe daoine. |
| **Nótaí an Mhúinteora** | Chun tathant ar ghrúpa ar leith daoine, cinneann na daoine a chruthaíonn na meáin agus an fhógraíocht ar cén sórt grúpa atá i gceist agus conas mar a iompróidh an grúpa sin iad féin. Tugtar stéiréitíopáil ar an lipéadú seo ar ghrúpa daoine bunaithe ar a saintréithe, ar a bpearsantachtaí, ar na nithe is maith leo agus ar na nithe nach maith leo etc. An fhadhb a bhaineann le stéiréitíopáil ná go nglactar le boinn tuisceana faoi ghrúpa daoine, agus go gcuirtear é sin chun tosaigh sna meáin agus múnlaíonn sé sin an dearcadh a bhíonn againn ar an ngrúpa áirithe daoine sin. Is féidir linn tuairimí a mhúnlú bunaithe ar bhonn tuisceana. Is féidir le grúpaí a ndéantar stéiréitíopáil orthu iad féin a mhúnlú bunaithe ar an steiréitíopa freisin. |
| **Acmhainní** | • Gníomhaíocht 6.1<br>• Gníomhaíocht 6.2<br>• An ghníomhaíocht idirghníomhach *Fógraí Bréagán*<br>• Scéal: Cácaí Breithlae |
| **Modheolaíocht** | • Caint agus plé – Steiréitíopaí an Teaghlaigh; Na Cácaí Breithlae<br>• Comharfhoghlaim – Déan é mar Dhráma; Steiréitíopaí an Teaghlaigh<br>• Scileanna trí mheán an ábhair – Boinn Tuisceana san Fhógraíocht; Imeacht ó Steiréitíopaí |

Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 6



## Cur Chuige

**Céim 1: Déan é mar Dhráma**

- Inis do na leanaí go bhfuil siad chun cluiche a imirt.
- Mínigh dóigh go gcuirfidh tú síos ar chineál duine agus gur mhaith leat go ndéanfadh na leanaí é a aisteoireacht.
- Ní gá dóibh aon rud a rá ach ba chóir dóibh geáitsíocht choirp a úsáid ionas go mbreathnóidh siad cosúil leis an duine sin, nó cosúil leis an steiréitíopa den duine sin pé scéal é:
  - Naíonán
  - Máthair ghnóthach
  - Imreoir peile
  - Cluichire ríomhaireachta
  - Fear scothaosta
  - Leanbh 5 bliana d'aois
  - Pop-amhránaí
  - Gairneoir
  - Oibrí oifige
  - Athair gnóthach
  - Déagóir
  - Sárlaoch.
- Tar éis an chluiche, iarr ar na leanaí a mhíniú cá bhfuair siad an t-eolas a d'úsáid siad chun na carachtair sin a chruthú?


*Seans go luafaidh na leanaí gur shamhlaigh siad daoine ar a n-aithne san fhíorshaol, nó daoine a chonaic siad ar an teilifís nó i scannáin.*

- Mínigh do na leanaí go bhfuil a lán dá gcarachtair an-chosúil lena chéile – bhí na naíonáin ag caoineadh nó ina gcodladh, bhí na déagóirí cantalach nó bhí na daoine scothaosta lag leochaileach.
- Inis do na leanaí go dtugtar steiréitíopaí go minic ar an íomhá atá againn de dhaoine áirithe sa phobal.

**Céim 2: Steiréitíopaí an Teaghlaigh**

- Mínigh do na leanaí go dtugtar stéiréitíopáil ar lipéadú ar ghrúpa daoine bunaithe ar a saintréithe, ar a bpearsantachtaí, ar na nithe is maith leo agus ar na nithe nach maith leo etc.
- Inis do na leanaí gur minic a úsáidtear steiréitíopaí sna meáin chumarsáide agus san fhógraíocht.
- Chun a léiriú conas is féidir úsáid a bhaint as steiréitíopaí sna meáin, iarr ar na leanaí a machnamh a dhéanamh ar chláir theilifíse a mbreathnaíonn siad orthu ina bhfuil Máithreacha/Aithreacha/deartháireacha agus deirfiúracha níos sine agus níos óige.
- Roghnaigh clár teilifíse amháin nó ainmnigh príomhcharachtar amháin agus tabhair carachtar éagsúil do gach grúpa sa rang ag úsáid Ghníomhaíocht 6.1, mar shampla as *The Simpsons*, Marge, Homer, Bart, Lisa, Maggie, Grandad, Selma agus Patty.
- I nGníomhaíocht 6.1, deanfaidh gach grúpa cur síos ar an gcarachtar a roghnaigh siad.

*D'fhéadfadh an múinteoir nod a thabhairt dóibh agus iarraidh orthu smaoineamh ar cé a oibríonn i cén áit, cé a fhreastalaíonn ar scoil, cé a dhéanann an chócaireacht, cé a bhíonn ag súgradh, cé a bhíonn ag troid lena chéile, cé a bhíonn i gcónaí i dtrioblóid.*


Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?
Gníomhaíocht 6.1

**Gníomhaíocht 6.1**

- Tar éis do na leanaí Gníomhaíocht 6.1 a chur i gcrích iarr orthu an dóigh leo gur fíorléiriú ar theaghlach é seo.

# Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?
# Ceacht 6



## Cur Chuige ar lean

**Céim 3: Boinn Tuisceana san Fhógraíocht**




**Ghníomhaíocht Idirghníomhach**

- Mínigh do na leanaí go nglacann fógróirí le roinnt bonn tuisceana ag úsáid steiréitípaí i ndáil leis an daoine a bheidh ag breathnú ar a bhfógraí.
- Glacann fógróirí le boinn tuisceana faoi bhréagáin éagsúla ar mhaith le buachaillí nó le cailíní a bheith ag súgradh leo bunaithe ar stéiréitíopáil.
- Glacann fógróirí leis go mbíonn dúil ag buachaillí sna bréagáin chéanna agus go mbíonn dúil ag cailíní sna bréagáin chéanna. Tugtar stéiréitíopáil air sin.
- Fiafraigh de na leanaí an dóigh leo go mbíonn gach buachaill ag súgradh leis na bréagáin chéanna?
- Fiafraigh de na leanaí an dóigh leo go mbíonn gach cailín ag súgradh leis na bréagáin chéanna?
- Abair leis na leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar roinnt íomhanna d'fhógraí bréagán– sa ghníomhaíocht idirghníomhach *Fógraí Bréagán*.
- Taispeáin samplaí d'fhógraí bréagán dóibh.
- Cuir na ceisteanna seo a leanas orthu faoi gach fógra:
  - Cé ar a bhfuil an fógra dírithe, dar leo?
  - An steiréitíopa é sin?
  - An bhfuil sé sin dírithe ar bhuachaill nó ar chailín? Conas a bheadh a fhios agat?
  - An maith leat an bréagán san fhógra? Mura maith, cén fáth?
- Fiafraigh de na leanaí dá mbeidís chun rud éigin a athrú faoin fhógra cad a dhéanfaidís chun an stéiréitíopáil a bhaint?
- Seans go luafadh na leanaí meascán de nithe ar nós buachaillí agus cailíní ar aoiseanna éagsúla a bheith ag súgradh le chéile le bréagán ar leith. Seans go luafaidís gur chóir dathanna neodracha a chaitheamh seachas bándearg agus gorm.


**Céim 4. Am Scéalaíochta – Na Cácaí Breithlae**

- Abair leis na leanaí go bhfuil tú chun scéal a insint dóibh.

  **Na Cácaí Breithlae**

  Is cúpla iad Max agus Molly. Bhí siad ar tí a 10ú breithlá a cheiliúradh le cóisir sa teach. Bhí siad an-sceitimíneach. Is damhsóir den chéad scoth é Max. Thug sé cuireadh do na buachaillí agus na cailíní go léir óna rang damhsa. Bhí siad ag beartú ar chóisir damhsa a bheith acu ina sheomra suí. Gheall Mamaí dó go gcasfadh sí an ceol is fearr agus go gcuideodh Daidí leis na cultacha is fearr a réiteach. Is imreoir sacair den chéad scoth í Molly. Thug Molly cuireadh do na buachaillí agus na cailíní go léir óna foireann sacair. Bhí sé beartaithe acu cluiche sacair a bheith acu lasmuigh. Réitigh Mamaí dhá chúl sa ghairdín dóibh agus réitigh Daidí na geansaithe spóirt. Bhí Mamaí Max agus Molly tar éis fios a chur ar dhá cháca breithlae – ceann amháin le dearadh damhsóra air agus ceann eile le dearadh sacair. Nuair a bhailigh sí na cácaí bhí ainm Molly ar an gceann leis an dearadh damhsóra agus ainm Max ar an gceann leis an dearadh sacair. D'inis Mamaí don bháicéir gur botún é sin. Ghabh an fear leithscéal. Dúirt sé gur ghlac sé leis gur do bhuachaill an cáca leis an dearadh sacair agus gur do chailín an cáca le dearadh damhsóra. Gháir Mamaí agus dúirt sí leis: "Níor chóir duit stéiréitíopáil a dhéanamh mar sin. Tá cead ag buachaillí agus cailíní a rogha rud a dhéanamh ach go mbeidís sona agus é á dhéanamh acu". Gheall an fearr sa bhácús dhá cháca nua a sheachadadh leis na hainmneacha cearta orthu roimh thús na cóisire. Bhí breithlá iontach ar fad ag Max agus Molly lena gcairde. Faoi dheireadh na cóisire bhí gach duine ag súgradh lena chéile agus bhí an-spraoi acu. Bhí Mamaí agus Daidí an-tuirseach ina dhiaidh, ach bhí siad an-sásta gur éirigh go maith leis an lá, agus leis na cácaí breithlae.
- Fiafraigh de na leanaí an raibh stéiréitíopáil sa scéal seo?
- Fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad riamh stéiréitíopáil ag tarlú ina saol féin?
- Inis do na leanaí nach bhfuil sé de cheart ag aon duine, an tionscal fógraíochta san áireamh, a rá leo cad ba chóir dóibh a dhéanamh, nó a rá leo cad iad na nithe ar chóir dóibh taitneamh a bhaint astu.
- Mínigh do na leanaí gur boinn tuisceana iad steiréitíopaí, agus gur féidir leis na boinn tuisceana sin a bheith an-mhícheart.

**Céim 5: Imeacht ó Steiréitíopaí**



**Gníomhaíocht 6.2**

- Bain úsáid as Gníomhaíocht 6.2 agus tarraing éadaí agus gníomhaíochtaí ar na carachtair sa phictiúr bunaithe ar steiréitíopaí sa chéad phictiúr.
- Sa dara pictiúr imigh ón stéiréitíopáil sin agus tarraing éadaí agus gníomhaíochtaí nach mbeifí ag súil a fheiceáil ar na carachtair sin de réir na steiréitíopaí.
- Tar éis dóibh an ghníomhaíocht a chur i gcrích iarr ar na leanaí ar mhaith leo a gcuid oibre a roinnt leis an rang agus a mhíniú cén fáth ar roghnaigh siad na steiréitíopaí sin.